2019. S.24T 2019J004A1IL

**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2019

# STAIR – ARDLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.30**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| SCRÚDUIMHIR | |
|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6**
**FREAGAIR CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO**
**FREAGAIR CEISTEANNA 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

## 1. PICTIÚIR
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir - **A**, **B agus C** - a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeánann pictiúr A an Dr Clíodhna Ní Lionáin, príomhsheandálaí Devenish ag an tuama pasáiste ag Halla Dhubhadh, Contae na Mí, 2018.*

(i) Ainmnigh an uirlis atá in úsáid ag an seandálaí san fhótagraf.

…………………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Cén fhianaise a thugann le tuiscint gur cheardaithe oilte a bhí sna daoine a thóg an tuama pasáiste sin?

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** mhodh a d'úsáidfeadh seandálaí chun dáta a chur le déantáin a fuarthas ar an suíomh sin.

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (2)

(*b*) **PICTIÚR B**

*Pictiúr de bhású Marie Antoinette ar an 16 Deireadh Fómhair 1793, is ea pictiúr B.*

(i) Cén t-ainm atá ar an modh básaithe faoi a thaispeántar sa phictiúr é?

…………………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) I do thuairim féin, cén fáth ar taispeánadh ceann Marie Antoinette don slua?

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Cén fáth ar cuireadh Maria Antoinette chun báis? Tabhair fáth **amháin**.

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Líníocht ón* Illustrated London News*, 1846 is ea Pictiúr C.*

(i) Cad atá á dhíol sa stór?

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Cén fhianaise a thugann le tuiscint go raibh géarghá ag na daoine le bia?

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Tabhair **dhá** chúis a bhí leis an nGorta Mór, 1845-1850.

……………………………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

**2. DOICIMÉID**
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**
*Sa dara heagrán de "Saol na bpéintéirí, na nDealbhadóirí agus na nAiltirí is mó Cáil" rinne Vasari ráitis faoi Sofonisba Anguissola.*

(i) De réir an údair, cár rugadh Sofonisba Anguissola?

………………………………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Cé a labhair le Rí Pilib na Spáinne faoi *" bhuanna agus ábaltachtaí"* Anguissola?

………………………………………………………………………………………………………………… (1)

(iii) Cén fhianaise a thugann le tuiscint gur chaith Rí na Spáinne go maith le Anguissola?

…………………………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………………………… (1)

(iv) Luaigh **dhá** chúis ar shocraigh Vasari líníochtaí Anguissola a chur ina leabhar.

…………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(v) Seachas Pilib na Spáinne, ainmnigh **beirt** eile a bhí ina bpátrúin thábhachtacha ag na healaíona le linn na hAthbheochana.

…………………………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………………………… (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sliocht coimrithe as an aistriúchán Béarla ar thras-scríbhinn théacs na hóráide Lasair Fhrithbheartaíocht na Fraince a thug Charles de Gaulle i Londain - an 18 Meitheamh, 1940.*

(i) Cén fáth a ndeachaigh an rialtas i mbun idirbheartaíochta leis an namhaid?

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Cad a chuir iallach ar airm na Fraince cúlú?

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (1)

(iii) Cén t-ainm a thugtar ar an straitéis mhíleata de chuid na Gearmáine a bhfuil cur síos uirthi in alt 2?

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) "*Níl an Fhrainc ina seasamh léi féin*". Tabhair **dhá** chúis ón doiciméad a gcreideann de Gaulle é sin.

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(v) Cén t-ainm a tugadh ar an rialtas sa Fhrainc a bhí ar son na Gearmáine le linn an Dara Cogadh Domhanda?

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Cad is foinse phríomhúil ann? Tabhair sampla.

Míniú: …………………………………………………………………………………………………………………..

Sampla: ……………………………………………………………………………………………………………(2)

(ii) Tabhair modh **amháin** a úsáideann seandálaithe chun suíomh a aimsiú.

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Ón tréimhse Neoiliteach in Éirinn, cad ab ea *carn cúirte*?

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Le linn na Meánaoiseanna, cad ab ea *cuirfiú*?

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(v) Ainmnigh **dhá** ghné den ailtireacht Rómhánúil.

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(vi) Luaigh **dhá** fhorbairt san eolaíocht le linn na hAthbheochana.

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(vii) Tabhair **dhá** chúis ar cheap mórán daoine go raibh gá an Eaglais Chaitliceach a leasú thart ar 1500.

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(viii) Ainmnigh an t-ord rialta a bhunaigh Ignatius Loyola le linn an Fhrith-Reifeirméisin.

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(ix) Luaigh **dhá** thionchar a bhí ag Cogadh Saoirse Mheiriceá ar an bhFrainc.

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(x) Cén contae in Éirinn ina raibh an ghníomhaíocht reibiliúnach ba dhéine le linn Éirí Amach 1798?

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xi) Tabhair **dhá** chúis ar thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain.

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xii) Mínigh an chaoi ar fheabhsaigh Louis Pasteur an saol do dhaoine sa naoú haois déag.

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xiii) Cad ab ea "long báis" in Éirinn sna 1840idí?

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xiv) In 1912, cén t-ainm a tugadh ar an ngealladh a shínigh Aontachtaithe inar gheall siad bealaigh ar bith a úsáid chun cur i gcoinne an Rialtais Dúchais?

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xv) Cad ab ea *Oíche na Sceana Fada,* 1934?

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xvi) Tabhair cúis **amháin** a ndeachaigh Éireannaigh chun troda i gCogadh Cathartha na Spáinne.

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xvii) Ainmnigh an Príomh-Aire Briotanach a d'fhreastail ar Chomhdháil München, 1938.

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xviii) Tabhair **dhá** chúis a raibh Éire neodrach le linn na hÉigeandála, 1939-1945?

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xix) Luaigh tionscadal náisiúnta **amháin** a chuir an Dr Noel Browne chun cinn mar Aire Sláinte.

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xx) Ainmnigh **beirt** a bhí ina gceannairí ar Fhine Gael in Éirinn ó 1945 i leith.

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR FAOI LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Feirmeoir ina chónaí in Éirinn anallód (**réamh-Chríostaí)**. (20)

(ii) Manach i mainistir i dtús Ré na Críostaíochta in Éirinn. (20)

(iii) Scríbhneoir **a ainmníonn tú** ón Athbheochan. (20)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Éireannach **dúchasach** a chaill talamh le linn plandála in Éirinn **a ainmníonn tú** le linn an séú nó na seachtú haois déag. (20)

(ii) Úinéir monarchan **nó** úinéir mianaigh le linn na Réabhlóide Tionsclaíche sa Bhreatain c. 1850. (20)

(iii) Ceannaire **a ainmníonn tú** sa choimhlint ar son Shaoirse na hÉireann, 1916-1923. (20)

**5. NA TURAIS TAISCÉALAÍOCHTA** (30 marc)

**FOINSE D**

Sleachta as dialann Columbus, 1492.

**Dé Domhnaigh, an 30 Meán Fómhair, 1492** – Tháinig ceithre cinn d'éin thrópaiceacha chuig an long, ar comhartha an-soiléir ar thalamh é, mar go léiríonn an líon sin éan … nach bhfuil siad ag fuaidreamh thart, de bhrí go bhfuil siad imithe ar strae.

**Dé Céadaoin, an 10 Deireadh Fómhair** – Chaill an criú pé foighne a bhí acu, agus rinne siad gearán faoi fhad an turais, ach spreag an tAimiréal iad ar an mbealach ab fhearr a d'fhéad sé, agus é ag tabhairt míniú dóibh ar an mbrabús a bhí siad ar tí a fháil.

**Dé hAoine, an 12 Deireadh Fómhair** – Ar a dó a chlog ar maidin aimsíodh an talamh … Nuair a tháinig siad i dtír, chonaic siad crainn a bhí an-ghlas agus torthaí de chineálacha éagsúla. D'iarr an tAimiréal ar an mbeirt Chaptaen … bheith mar fhinnéithe gur ghlac sé féin seilbh ar an oileán sin don Rí agus don Bhanríon roimh gach duine eile … Bhailigh muintir an oileáin le chéile … Thug mé roinnt caipíní dearga dóibh, agus slabhraí coirníní le caitheamh timpeall a muineál, agus mórán rudaí suaracha eile ar bheagán luach. Bhí an-áthas orthu…ar an iomlán, mheas mé gur daoine an-bhochta a bhí iontu. Níl aon airm acu, ná níl aon eolas acu orthu, mar thaispeáin mé claimhte dóibh agus rug siad ar na lanna agus ghearr siad iad féin. Níl aon iarann acu, mar níl sé ina gcuid sleánna, nach bhfuil iontu ach maidí.

*Foinse: http://www.let.rug.nl/usa/documents/before-1600/extracts-from-the-journal-of-columbus.php*

**FOINSE E**

Bartolomé de las Casas, *Cur síos gearr ar Léirscrios na nIndiacha*

Thar dhream ar bith eile ar domhan, is iad na hIndiaigh an dream is foighní agus is síochánta de réir nádúir. Ní bhíonn aon olc acu do dhaoine agus ní tharraingíonn siad achrann…Tá siad ullamh chun foghlama agus sásta foghlaim, mar sin tá gach seans go nglacfaidh siad lenár gcreideamh Caitliceach agus lenár nósanna suáilceacha.

Fós féin, tháinig roinnt Spáinneach isteach i measc na gcaorach seo agus d'iompair siad féin mar a bheadh faolchúnna fiáine. Mharaigh agus sceimhligh na Spáinnigh na daoine dúchasacha chun breis óir a fháil agus iad féin a dhéanamh níos saibhre. Lena gcapaill agus lena n-airm mhiotail, thosaigh na Spáinnigh ag déanamh sléacht ar na hIndiaigh agus ag tabhairt drochíde dóibh ar bhealaí aisteacha. Mar shampla, chuir siad geallta ar an duine a bheadh ábalta fear a scoilteadh ina dhá leath nó an ceann a bhaint de nó a phutóga a dhoirteadh amach le buille amháin de chlaíomh nó de phíce. Rug siad ar chosa ar naíonáin agus bhuail siad a gcinn in aghaidh carraigeacha nó rug siad ar lámha orthu agus chaith siad isteach san abhainn iad, agus iad sna trithí gáire an t-am ar fad.

Tá oileán Chúba beagnach chomh fada leis an achar idir Valladolid agus an Róimh; níl ach fíorbheagán daoine ina gcónaí ann anois. Tá San Juan [Pórtó Ríce] agus Iamáice ar an dá oileán is mó, is táirgiúla agus is taitneamhaí; tá an dá cheann acu scriosta agus tréigthe anois.

*Foinse: http://www.historyisaweapon.com/defcon1/delascasas.html*

**A. Foinse D**

(i) I **bhFoinse D,** cad iad na leideanna a thug an criú faoi deara a léireodh go raibh talamh in aice láimhe? (2)

(ii) Cén fáth ar lean an criú ar aghaidh leis an turas tar éis dóibh bheith ag gearán faoi chomh fada agus a bhí sé? (2)

(iii) Tabhair píosa **amháin** fianaise as **Foinse D** a thaispeánann gur chreid Columbus nach raibh mórán eolais ag na Meiriceánaigh dúchasacha ar airm. (2)

(iv) Ainmnigh na deartháireacha a bhí ina gcaptaein ar an dá long eile. (2)

**B. Foinse E**

(i) Conas a chuireann De las Casas síos ar na Meiriceánaigh Dúchasacha? Tabhair **dhá** shampla. (2)

(ii) Sagart Spáinneach ba ea De las Casas. Cén fhianaise a thacaíonn leis an ráiteas sin? (2)

(iii) Cén fáth a n-úsáideann sé an frása "faolchúnna fiáine" chun cur síos a dhéanamh ar na Spáinnigh? (2)

(iv) Seachas de bharr na n-ainghníomhartha a rinne na Spáinnigh, tabhair cúis **amháin** ar tháinig titim chomh suntasach sin ar dhaonra na nIndiacha Thiar. (2)

(v) An bhfuil **Foinse E** claonta? Tacaigh le do fhreagra le fianaise ón bhfoinse. (2)

**C.** Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(i) An méid a chuir an Phortaingéil le Ré na Taiscéalaíochta.

(ii) Concas Mheicsiceo.

(iii) Concas Pheiriú. (12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

## (A) NA MEÁNAOISEANNA

(i) Mínigh **dhá** cheann díobh seo a leanas maidir leis na Meánaoiseanna:

*Tearmann;* *Teach caibidle;* *Clabhstra.* (2 x 2)

(ii) Mínigh na **trí** chéim a bhain le hoiliúint ridire sna Meánaoiseanna. (2 x 3)

(iii) Scríobh cuntas ar **bheirt** de na daoine seo a leanas le linn na Meánaoiseanna:

(a) Seirfeach ar mhainéar sna Meánaoiseanna.
(b) Bantiarna an chaisleáin agus a cuid dualgas.
(c) Oiliúint ceardaí sna Meánaoiseanna. (10 x 2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Mínigh an chaoi a bhféadfadh **dhá** cheann de na foinsí seo a leanas bheith úsáideach do staraithe agus staidéar á dhéanamh acu ar an athrú sóisialta:

*Tuairisceáin daonáirimh;* *Seanléarscáileanna;* *Leabhair rolla scoile.* (2 x 2)

(ii) Déan cur síos ar **thrí** athrú ar thithíocht in Éirinn ó 1945 i leith. (2 x 3)

(iii) Scríobh cuntas ar athruithe in **dhá** cheann de na réimsí seo a leanas ó 1945 i leith:

(a) Creideamh agus cleachtaí creidimh.
(b) Spórt agus fóillíocht.
(c) Oideachas. (10 x 2)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITÍOCHTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn san fhichiú haois:

*B-Speisialtaigh;* *Claonroinnt;* *Imtheorannú* (2 x 2)

(ii) Luaigh **trí** ní a bhain rialtas Chumann na nGaedhael amach, 1923-1932. (2 x 3)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) An caidreamh idir rialtas na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe, 1932-1939.
(b) Seán Lemass mar Thaoiseach, 1959-66.
(c) John Hume. (10 x 2)

## (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an Iodáil faoi Mussolini, 1922-1939.

*An Comhaontú Cruach;* *OVRA;* *Squadristi.* (2 x 2)

(ii) Tabhair **dhá** chúis a raibh mórchumhachtaí na hEorpa sásta Hitler a cheansú le linn na 1930idí. (2 x 2)

(iii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Conradh na Náisiún, 1920-1939.
(b) Hitler agus na Giúdaigh, 1933-1939.
(c) An Bhreatain le linn an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945. (10)

**Roghnaigh topaic 1 nó 2 nó 3 thíos:**

**Topaic 1 - Teacht i dTreis na nOllchumhachtaí.**

Scríobh cuntas ar mhór-ghéarchéim amháin, **a ainmníonn tú**, sa Chogadh Fuar idir na Stáit Aontaithe agus Aontas na Sóivéide le linn na tréimhse 1945-1963. (12)

**Topaic 2 - Gluaiseachtaí i dtreo aontú na hEorpa.**

Scríobh cuntas ar fhás an Aontais Eorpaigh ó 1957 i leith. (12)

**Topaic 3 - Náisiúnachas san Afraic agus san Áise.**

Scríobh cuntas ar na príomhimeachtaí sa ghluaiseacht ar son na saoirse i dtír **a ainmníonn tú** san Afraic nó san Áise tar éis 1945. (12)